01_02.mp3

Téipscript **Bileog 1.2**

Colm: Hi, a Mháire, gabh i leith anseo!
Máire: Colm, cad é mar atá tú?
Colm: Go hiontach. Seo Jan, cara liom.
Máire: Cad é mar atá tú, a Jan?
Jan: Dia dhuit. Tá mé go maith agus tú féin?
Máire: Go breá.

Máire: Cé as duit, a Jan?
Jan: An Ghearmáin, as Berlin.
Máire: Go maith. Tá drochlá ann!
Jan: Tá. Tá sé fuar agus fliuch.
Máire: Tá cinnte.

01_04.mp3

Téipscript **Bileog 1.4**

Cormac: A Mháire, cad é mar atá tú, a chroí?
Máire: Ceart go leor! Tá tú mall!
Cormac: Ó, a Mháire, tá brón orm a bheith mall ach bhí an trácht go dona ag fágáil Dhoire dom. Ansin bhuail mé le cara liom i Leitir Ceanainn. D'ól muid pionta sa teach tábhairne An Turas Fada. Ach tá mé anseo anois.
Máire: Tá tú cúig uair a chloig mall!
Cormac: Tá. Tá mé buartha. Chaill mé an bus ansin i Leitir Ceanainn agus d'ith mé béile le cailín a bhí ar scoil liom ansin.

01_07.mp3

Téipscript **Bileog 1.7**

Máire: A Áine, seo Jan, ar bhuail tú leis roimhe?
Áine: Dia dhuit, a Jan. Bhuail. Bhuail mé leat ag cóisir Sheáin an tseachtain seo caite. Cén chaoi a bhfuil tú?
Jan: Tá mé go maith, go raibh maith agat. An tusa deirfiúr Liam?
Áine: Is mé. An bhfuil aithne agat ar Liam?
Jan: Tá. Tá aithne mhaith agam air. Bhí muid inár gcónaí le chéile i mBerlin ar feadh trí bliana. Tá an saol an-bheag!
Máire: Tá cinnte!

© ÓDMá Nuad

01_14.mp3

Téipscript **Bileog 1.14**

Seán: A Mháire, ar mhaith leat deoch?
Máire: Níor mhaith a Sheáin, caithfidh mé imeacht.
Seán: Is mór an trua é sin.
Máire: Is mór, ach tá orm éirí go luath. Caithfidh mé scrúdú a dhéanamh ar maidin.

© OÉ Má Nuad